



Eochairfhocail

TRÓCAIRE IUBHAILE GRÁSTA SAOIRSE GÉARLEANÚINT LÁ FHÉILE MUIRE GAN SMÁL AN DARA COMHAIRLE ÉACÚIMÉINEACH VATACÁNACH AITHRÍOCH SOILÉIRÍONN COMHBHÁ COISRIC UNGADH

Réamhrá

Rinne an Pápa Proinsias **Bliain Urghnách Iubhaile na Trócaire** a ghairm, ag tosú ar 8 Nollaig 2015 agus ag críochnú ar 20 Samhain 2016, Lá Fhéile Críost Rí.

Bíonn comóradh i rith na bliana seo in onóir Fhéile Muire Gan Smál, agus deireadh an Dara Chomhairle Éacúiméineach Vatacánach. Sula dtugaimid aghaidh ar an bpaidir speisialta a chum an Pápa Proinsias le haghaidh Iubhaile na Trócaire, breathnaímis ar feadh scaithimh ar an fhíseán seo faoin Iubhaile:

FÉACH

www.youtube.com/watch?v=IYv4BUwytAo

Féach ar an fhíseán agus déan ransú smaointe faoi bhríonna éagsúla an fhocail ‘trócaire’. Tá paidir speisialta cumtha ag an bPápa Proinsias a éilíonn bliain lán de ghrásta a bheith sa bhliain seo.

A Thiarna Íosa Críost,
mhúin tú dúinn conas a bheith trócaireach ar nós Dia ar Neamh, agus go bhfeiceann an té a bhreathnaíonn orainne aghaidh Dé.
Nocht d’aghaidh dúinn, agus sábhálfar sinn. Bhreathnaigh tú go grámhar ar Zacháias agus ar Mhatha agus shaor tú ó bhraighdeanas na bpinginí iad;
shaor tú Máire Mhaigdiléana ó bheith ag baint sásaimh as rudaí ábhartha amháin;
chuir Peadar ag teilgean deor tar éis dó tusa a shéanadh, agus gheall tú áit sna Flaithis don ghadaí aithríoch. Éistfimis, amhail is dá mbeifeá ag labhairt linne, leis na focail a labhair tú leis an mbean Samárach: ‘Dá dtuigfeá tabhartas Dé!’ Is tusa aghaidh sofheicthe an Athar dofheicthe,
Dia a chuireann a chuid cumhachta in iúl thar aon rud eile, trína thrócaire agus trína mhaithiúnas a bhronnadh orainn.
Bíodh an Eaglais mar aghaidh sofheicthe Dé ar domhan, an Tiarna aiséirithe agus glóirithe. Theastaigh uaitse gur daoine laga amach is amach a bheadh i do chuid ministir, ionas go mbeadh comhbhá acu leis na daoine bochta a mhair in aineolas agus iad san earráid. Deonaigh go bhfaighidh gach duine a dhéanann teagmháil leo tearmann, grá De agus maithiúnas Dé ina measc. Chuir do Spiorad anuas orainn agus déan muid a ungradh lena ghrásta, ionas gur bliain bheannaithe ón Tiarna a bheidh in Iubhaile na Trócaire, agus go mbeidh fuinneamh agus spreagadh nua san Eaglais, a chabhróidh léi an soiscéal a fhógairt do na bochtáin, an tsaoirse a fhógairt do na braighdeanaigh agus don dream atá faoi chois, agus go mbeidh radharc ar fáil arís do dhail.
Iarraimid é seo ort trí idirghuí Mhuire, Máthair na Trócaire, tusa a mhaireann agus a rialaíonn leis an Athair agus leis an Spiorad Naomh trí shaol na saol.
Amen.



Gníomhaíocht

Léigh an phaidir seo a chum an Pápa Proinsias. Roinn an rang in ocht ngrúpa éagsúla. Tugtar ceathrú uair a' chloig dóibh an tasc a chuirtear rompu a chríochnú, agus ansin caithfear caint a dhéanamh leis an rang maidir le toradh an cheachta.

Grúpa 1: Tar éis daoibh an phaidir a chum an Pápa Proinsias a léamh, díriú ar an líne 'Trócaireach ar nós Dia ar Neamh'. Roghnaigh ceann de na hailt seo ón mBíobla:

Exodus 34:6-9 | Deotranaimí 4:29-31 | Salm 103:3-14

Léigh an sliocht, agus mínigh conas mar a léiríonn an tAthair a thrócaire.

Grúpa 2: Tar éis daoibh an phaidir a chum an Pápa Proinsias a léamh, díriú ar an líne 'An té a bhreathnaíonn ortsa, feiceann sé a aghaidh'. Roghnaigh ceann de na hailt seo ón mBíobla:

Matha 5:1-12 | Eifisigh 2:4-10 | Lúcas 7:11-17

Léigh an sliocht, agus mínigh conas mar a léiríonn an tAthair a thrócaire.

Grúpa 3: Léigh an scéal seo faoi Zacháias.

Lúcas 19:1-10

I d'fhocail féin, mínigh tionchar thrócaire Íosa ar shaol Zacháias.

Grúpa 4: Léigh an scéal seo ó shoiscéal Mhatha.

Matha 6:24-25

I d'fhocail féin, mínigh an tionchar a bhí ag thrócaire Íosa ar shaol Mhatha.

Grúpa 5: Léigh an scéal seo faoi Mháire Mhaigdiléana.

Lúcas 7:36-38, 44-50

I d'fhocail féin, mínigh an tionchar a bhí ag thrócaire Íosa ar shaol Mháire Mhaigdiléana.

Grúpa 6: Léigh an scéal inar shéan Peadar Íosa.

Matha 26:69-75

I d'fhocail féin, mínigh an tionchar a bhí ag thrócaire Íosa ar shaol Pheadair.

Grúpa 7: Léigh an scéal faoin ngadaí aithríoch.

Lúcas 23:39-43

I d'fhocail féin, mínigh an tionchar a bhí ag thrócaire Íosa ar shaol an ghadaí aithríoch.

Grúpa 8: Léigh scéal na mná Samáraigh.

Matha 4:1-26

I d'fhocail féin mínigh an tionchar a bhí ag thrócaire Íosa ar shaol na mná Samáraigh.

Tugann gach aon ghrúpa caint ghearr ag cur síos ar thoradh an cheachta, agus ansin léitear an mhír seo leanas ón mBíobla do chách.



Lúcás 4:16-21

Tháinig sé go Nazará, mar ar oileadh é, agus chuaigh isteach mar ba ghnáthbhéas dó sa tsionagóg lá na sabóide, agus d'éirigh ina sheasamh chun an léitheoireacht a dhéanamh. Síneadh chuige leabhar Íseáia fáidh, agus ar oscailt an leabhair dó, fuair sé an t-ionad ina raibh scríofa: **'Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé. Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht, ag fógairt a scaoilte do bhránna agus aiseag a radhairc do dhail; ag scaoileadh lucht géarbhroide saor; ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna.'** D'fhill sé an leabhar ina chéile, thug ar ais don seirbhíseach é, agus shuigh. Agus bhí súile a raibh sa tsionagóg dlúite air. Agus thosaigh sé ag rá leo: 'Inniu atá an scríbhinn seo comhlíonta i gclos bhur gcluas.'


Déan brí an ailt thuas a phlé lena chéile i ngrúpaí.

Filleann na daltaí ar na grúpaí bunaidh ansin, agus míníonn gach grúpa na bealaí ina bhféadfadh an pobal Caitliceach ar scoil a leithéidí seo a chur i ngníomh:

- 1) Tabhair an dea-scéal do na boicht

- 2) Scaoil lucht géarbhroide saor

- 3) Aiseag a radhairc do dhail





Machnamh

Bíodh plé sa rang maidir leis an líne seo ó phaidir a chum an Pápa Proinsias:

Bíodh an Eaglais mar aghaidh sofheicthe Dé ar domhan.

Déanann gach dalta machnamh ar an mbrí a bhaineann sé/sí as an líne sin, agus scríobhann síos trí shamplaí den bhealach ina bhféadfaimis, mar scoil Chaitliceach agus mar bhaill na hEaglaise, bheith mar aghaidh sofheicthe Dé ar domhan.

- 1) _____

- 2) _____

- 3) _____



Obair Bhreise

Éist le hlomann Iubhaile na Trócaire. Scríobhadh as Laidin é. Is é an chéad líne ná: *Misericordes sicut Pater!*, rud a chiallaíonn 'Trócaireach ar nós an Athar'.





Eochairfhocail

OILITHREACTH TIOMANTAS ÍOBAIRT TABHAIR BREITH DAOR TOMHAS CAIGHDEÁN

Réamhrá

Is gné tábhachtach de stair na hÉireann í an oilithrecht. Deirtear gur ‘pobal oilithreachta’ iad muintir na hÉireann. Sa litir *Misericordiae Vultus*, déanann an Pápa Proinsias aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le hoilithrecht i saol na gCríostaithe. Baineann an oilithrecht leis an aistear saoil, an turas beatha atá romhainn. D’fhéadfadh gurb é an Trócaire a bheadh mar sprioc againn, – baineann an oilithrecht le teacht chomh fada leis an trócaire a aimsiú. Baineann tiomantas agus íobairt leis an oilithrecht seo. Bíonn tiontú i gceist i rith an oilithrigh chomh maith – athrú meoin a chur orainn féin. Tá sampla d’oilithrecht Éireannach a bhfuil an-mheas air, le feiceáil anseo:



www.youtube.com/watch?v=Ezj7R-IZISA&feature=youtu.be

Ina bhulla *Misericordiae Vultus*, tugann an Pápa Proinsias treoracha dúinn maidir leis an oilithrecht a chuireann Íosa romhainn lenár mianta a bhreith.

- 1) Ná tugaigí breith agus ní thabharfar breith oraibh
- 2) Ná daoraigí agus ní dhaorfar sibh.
- 3) Maithigí agus maithfear daoibh.
- 4) Tugaigí agus tabharfar daoibh.
- 5) Óir is leis an tomhas lena dtomhaiseann sibh a thomhaisfear chugaibh ar ais.





Gníomhaíocht 1

Tabhair sampla d'eachtra inar thug tú breithiúnas ar an duine eile, cé go raibh rud den sórt céanna déanta agat féin tráth.

Tabhair sampla d'eachtra inar dhaor tú an duine eile, cé go raibh rud den sórt céanna déanta agat féin tráth.

Tabhair sampla d'eachtra nuair nach raibh sé éasca maithiúnas a thabhairt don duine muinteartha.

Tabhair sampla d'eachtra inar thug tú rud áirithe don duine uireasach.

Is ionann 'de réir mar a thugann tú uait is ea tabharfar ar ais duit' agus 'an caighdeán a chuireann tú os do chomhair, sin an caighdeán a úsáidfear i do leith' a rá. Mínigh an ráiteas seo.



Gníomhaíocht 2

Cruthaigh oilithreacht sa seomra ranga. Leag amach ceithre staid, agus caithfidh an rang ina iomláine gluaiseacht ar aghaidh ó stad amháin go stad eile.

Stad 1: Cum dráma do dhuine nó do bheirt, a dhéanann cur síos ar an uair nár thug tú breith ar dhuine, a bhí bunaithe ar a raibh á rá ag daoine eile fúithi/faoi.

Stad 2: Cum dráma do dhuine nó do bheirt, a dhéanann cur síos ar gan duine a dhaoradh ar fháthanna a bheadh bunaithe ar an tuairim a bheadh á thabhairt ag daoine eile fúithi/faoi.

Stad 3: Cum dráma do dhuine nó do bheirt, a dhéanann cur síos ar mhaithiúnas a thabhairt do dhuine toisc gur tugadh maithiúnas duit féin tráth.

Stad 4: Cum dráma do dhuine nó do bheirt, a dhéanann cur síos ar shíntiús a thabhairt do dhuine toisc go raibh tú féin uireasach tráth.



Machnamh

Sa litir *Misericordiae Vultus*, iarrtar orainn gan éirí searbhasach, ach aire a thabhairt don té a bhíonn ag fulaingt. Tabhair samplaí ó shaol an lae inniu ar na súimh a luaigh an Pápa Proinsias:

1) Sampla den anró atá ar domhan.

2) Sampla inar tugadh cluas le héisteacht do ghlaio na ndaoine i ngátar.

3) Léigh an sliocht seo ón mBíobla.

Tuile gan trá is ea buanghrá an Tiarna agus ní théann tobar a thrócaire i ndisc. Athnuaitear iad gach maidin; óir is daingean í a dhilseacht. (Olagóin 3:22-23)

Lig don rang brí na bhfocal thuas a phlé. Déan machnamh air agus scríobh síos na bealaí ina dtabharfadh an sliocht sin dóchas do dhaoine.



Eochairfhocail

MAITHEAS ATHMHUINTEARAS BULLA CORPARTHA SPIORADÁLTA BUNAIDH ARDCHEANNASACH COMHAIRLE AINEOLACH CEARTAIGH GORTAITHE ÉAGÓRA



Réamhrá

www.youtube.com/watch?v=q6vyoQmvYrM

Is iad buaicphointí an fhíseáin seo ná ...

- Is í seo an 30ú bliain iubhaile i stair na hEaglaise.
- Deis don athmhuintearas agus don phardún uilíoch atá sa bhliain iubhaile.
- I rith na bliana iubhaile, scaoileadh leis na sclábhaithe agus na braighdeanaigh, cuireadh fiacha ar ceal, maitheadh don ghníomh géar.
- Caithfidh an Eaglais aire a thabhairt do na daoine a bhíonn ag fulaingt.



Gníomhaíocht 1

Deirtear gurb é an Pápa Proinsias, 'Pápa na Trócaire'. San íomhá thíos tá léargas amháin ar an bPápa Proinsias ag feidhmiú go trócaireach.



Bain úsáid as 'PicCollage' nó aip den sórt sin, le sraith ghrianghraif a chur le chéile a thabharfadh léiriú ar an bPápa Proinsias bheith mar 'Pápa na Trócaire'.

Ina Bhulla, *Misericordiae Vultus*, deir an Pápa Proinsias, 'Tá dúil mhór agam go ndéanfadh gach aon Chríostaí machnamh ar Oibreacha Spioradálta agus Corpartha na Trócaire i rith na hIubhaile seo'. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtuigfimis an ráiteas seo i gcomhar leis an méid atá scríofa in alt a dó den cháipéis seo. Sainmhíniú amháin ar an trócaire a thug an Pápa Proinsias dúinn ná: 'an gníomh bunaidh ardcheannasach ina ndéanann Dia teagmháil linn'.



Gníomhartha Corpartha na Trócaire		Gníomhartha Spioradálta na Trócaire	
1.	Tabhair bia don duine ocrach	1.	Tabhair comhairle don té atá amhrasach
2.	Tabhair deoch don duine spallta	2.	Cuir oideachas ar an té atá aineolach
3.	Déan an duine nocht a ghléasadh	3.	Tabhair rabhadh do na peacaithe
4.	Tabhair lóistín don duine gan dídean	4.	Tabhair sólas don duine faoi bhrón
5.	Tabhair cuairt ar na heasláin	5.	Maith do na coireanna
6.	Tabhair cuairt ar na príosúnaigh	6.	Glac go foighneach le héagóracha
7.	Déan na mairbh a chur i dtalamh	7.	Guigh ar son na mbeo agus na mairbh



Féach ar an sampla seo den ghníomh trócaireach ón scannán *Charlotte's Web*.

www.wingclips.com/movie-clips/charlottes-web/saving-the-runt



Pointí le Plé

- Cad a bhí i gceist ag Charlotte nuair a dúirt sí go mbeadh bás an bhainbh 'éagórach agus aincheart'?
- Conas a léirigh Charlotte an trócaire maidir le Wilbur an tArcán?

**Gníomhaíocht 2**

Tá carthanas a chuireann Oibreacha Corpartha na Trócaire i bhfeidhm in Éirinn an lae inniu le sonrú thíos. Ag obair i mbeirteanna daoibh, pléigh agus scríobh nótaí maidir le hOibreacha Corpartha na Trócaire a chur i bhfeidhm sa scoil Chaitliceach seo.

	Oibreacha Corpartha na Trócaire	Carthanas Samplach	Conas a thabharfaimid aghaidh air
1.	Tabhair bia don duine ocrach	Crosscare	
2.	Tabhair deoch don duine spallta	Comhlúadar Shíomóin	
3.	Déan an duine nocht a ghléasadh:	Cumann Naomh Uinseann de Pól	
4.	Tabhair lóistín don duine gan dídean	Fócas Éireann	
5.	Tabhair cuairt ar na heasláin	Cumann Naomh Uinseann de Pól	
6.	Tabhair cuairt ar na príosúnaigh	Comhairle Éireannach na bPríosúnach Thar Lear	
7.	Déan na mairbh a chur i dtalamh		

Fíoras: Go dtí le déanaí, ba é an tUachtarán Obama an t-uachtarán ba lú thrócaire sa ré seo, maidir le beart trócaire. Go dtí seo tá 89 iomalartú pianbhreithe san iomlán agus 64 pardún tugtha amach aige. (Foinse: www.nytimes.com/2015/10/01/opinion/president-obama-and-the-power-of-mercy.html)

**Gníomhaíocht 3**

Tá cur síos ar Oibreacha Spioradálta na Trócaire thíos. Bain úsáid as an bhfoclóir leis na sainmhínte a scríobh amach i d'fhocail féin. Ansin pléigh agus scríobh nótaí maidir le hOibreacha Spioradálta na Trócaire a chur i bhfeidhm sa scoil Chaitliceach seo.

	Oibreacha Spioradálta na Trócaire	Scríobh i d'fhocail féin	Conas a thabharfaimid aghaidh air
1.	Tabhair comhairle don té atá amhrasach		
2.	Cuir oideachas ar an té atá aineolach		
3.	Tabhair rabhadh do na peacaí		
4.	Tabhair sólas don duine faoi bhrón		
5.	Maith do na coireanna		
6.	Glac go foighneach le héagóracha		
7.	Guigh ar son na mbeo agus na mairbh		



Machnamh

Sa litir *Misericordiae Vultus*, deir an Pápa Proinsias linn go gcaithfimid a bheith ag feidhmiú mar 'Uirlisí na Trócaire'.

Cén bhrí a bhaineann tusa as an ráiteas seo? Conas is féidir leatsa feidhmiú mar 'Uirlis na Trócaire'?

Déan plé i mbeirteanna faoi conas is féidir a bheith mar 'Uirlisí na Trócaire', agus scríobh síos na bealaí ina bhféadfaimis a leithéid a dhéanamh ar scoil.

Obair Bhreise

Cruthaigh taispeántas le crochadh ar bhalla an tseomra ranga. Scríobh an teideal 'Uirlisí na Trócaire' i lár baill. I bhfoirm damhánléaráide, lig do gach dalta bealach éagsúil a scríobh ina bhféadfaí feidhmiú mar 'Uirlisí na Trócaire' ar scoil.

